

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 3 **Rúnaithe Cuideachta**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Rúnaithe Cuideachta

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Rúnaithe Cuideachta

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

Clár Ábhair

1.0	Réamhrá	4
2.0	Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta	5
2.1	Cad is Rúnaí Cuideachta ann	5
2.2	Cáilíochtaí Rúnaí Cuideachta	5
2.3	Ceapachán an Rúnaí Cuideachta	5
2.4	Dualgais an Rúnaí Cuideachta	5
2.4.1	Dualgais Reachtúla	6
2.4.2	Dualgas maidir le Nochtadh	6
2.4.3	Dualgas Aire Ceart, Scil agus Dícheall Cuí a Fheidhmiú	6
2.4.4	Dualgais Riaracháin	6
2.5	Tuilleadh Faisnéise	7
2.6	Cumhachtaí Rúnaí Cuideachta	8
3.0	Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	9
3.1	Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	9
	Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	9
3.2	Pionóis Shibhialta	9
	Dícháiliúchán	9
	Srianadh	9
	Baint de Chlár na gCuideachta	10
4.0	Seoltaí Úsáideacha	11

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúirhóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúirhóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúirhóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúirhóirí
Cuideachta**

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus
Scairshealbhóirí**

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,
Glacadóirí agus
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúirhóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúirhóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinnitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirtheiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasáíochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúirhóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúirhóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta

2.1 Cad is Rúnaí Cuideachta ann

Éilítear faoin dlí ar gach cuideachta ar a n-áirítear cuideachta aonchomhalta rúnaí cuideachta a bheith aici; féadfaidh sé gur duine de na stiúrthóirí a bheidh ann/inti¹. Gníomhaíonn an rúnaí cuideachta de réir theagaisc na stiúrthóirí. Is iad na príomhfheidhmeana a bhíonn ag rúnaí cuideachta maoirsiú a dhéanamh ar riarachán na cuideachta ó lá go lá agus a chinntiú go gcomhlíonann an chuideachta an dlí agus go bhfeidhmíonn sí de réir a rialacha féin.

Ba chóir do gach duine a cheaptar mar rúnaí cuideachta eolas maith a ghnóthachtáil roimh nó ag am an cheapacháin maidir leis na freagrachtaí agus leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an bpost.

2.2 Cáilíochtaí Rúnaí Cuideachta

Ní theastaíonn cáilíochtaí ar bith le bheith ina rúnaí cuideachta i gcuideachta phríobháideach. I gcás cuideachtaí poiblí teoranta tá dualgas reachtúil ar stiúrthóirí a chinntiú gur duine é/í an rúnaí cuideachta a bhfuil an t-eolas agus an taithí riachtanach aige/aici dar leo chun feidhmeanna an rúnaí cuideachta² a fheidhmiú agus go bhfuil:

- saintaithí ar chúraimí rúnaí cuideachta ag an duine sin mar;
- nó go bhfuil sé/sí ina c(h)omhalta de chomhlacht atá aitheanta chun na críocha sin ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta³, nó;

- gur cosúil gur duine atá ann/inti a bheidh in ann na feidhmeanna a fheidhmiú de bhua a c(h)omhaltas (i gcomhlachtaí eile) nó de bhua na bpostanna a bhí aige/aici.

Níl aon toirmeasc ar chuideachta gníomhú mar rúnaí do chuideachta eile. Ní cheadaítear d'fhéimheach neamhscaoilte gníomhú mar rúnaí.

2.3 Ceapachán an Rúnaí Cuideachta

Ní mór go mbeidh céad rúnaí na cuideachta ainmnithe sna doiciméid a chomhdaítear le hOifig Chláraitheoir na gCuideachtaí tráth an chorpraithe. Beidh ceapachán rúnaí cuideachta ina dhiaidh sin i gcomhréir le hairteagail chomhlachais na cuideachta. Go ginearálta is iad na stiúrthóirí a cheapann an rúnaí ar feadh cibé téarma agus i dteannta cibé luach saothair agus faoi cibé coinníollacha eile a mheasann siad a bheith iomchuí.

Ceadaítear do chuideachta rúnaí cúnata nó leasrúnaí a bheith aici a ghníomhóidh mar rúnaí mura bhfuil aon rúnaí inti atá inniúil ar ghníomhú nó má tá post an rúnaí cuideachta folamh. Is féidir le cuideachta níos mó ná rúnaí amháin a bheith aici freisin, i.e. comhrúnaithe.

2.4 Dualgais an Rúnaí Cuideachta

Chomh maith lena chinntiú go bhfuil an dlí agus a rialacha féin á gcomhlíonadh ag cuideachta féadfaidh sé go sannfar feidhmeanna eile do rúnaí cuideachta in airteagail chomhlachais na cuideachta nó go dtarmligfear iad do stiúrthóirí na cuideachta. D'fhonn tagairt dóibh a éascú aicmítear dualgais rúnaithe sna rannáin thíos faoi:

- dualgais reachtúla;
- dualgas nochta;
- dualgas aire ceart, scil agus dícheall cuí a fheidhmiú, agus;
- dualgais riaracháin.

1 Alt 175 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

2 Alt 236 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

3 Tá Foras na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte (ICSA) aitheanta ag an Aire chun na críche sin.

2.4.1 Dualgais Reachtúla

Forchuirtear roinnt dualgas ar an rúnaí cuideachta le Achtanna na Cuideachtaí. Ní ar an rúnaí amháin a bheidh an fhreagracht áfach maidir leis an gcuid is mó díobh. Den chuid is mó is tascanna iad ar féidir go ndéanfaidh (nó a éilítear go ndéanfaidh) an rúnaí agus stiúrthóir na cuideachta i dteannta a chéile. Áirítear orthu san:

- an tuairisceán bliantúil a shíniú (éilítear go mbeidh sé sínithe ag stiúrthóir na cuideachta freisin). Pléitear an tuairisceán bliantúil go mion i Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí;
- a dheimhniú go bhfuil na ráitis airgeadais a cheanglaítear leis an dtuairisceán bliantúil ina fhíorchóipeanna de na leaganacha tionscantacha;
- an ráiteas cúrsaí a dhréachtú i gcás foirceanta nó glacadóireachta (féach Leabhrán Faisnéise 7 ina bpléitear leachtú agus glacadóireacht);
- an fhoirm iarratais ábhartha a shíneadh agus dearbhú reachtúil a dhéanamh, más infheidhme, tráth a ndéantar an chuideachta a athchlárú mar chineál eile cuideachta, m.sh. cuideachta theoranta phríobháideach a thiontú ina cuideachta theoranta phoiblí;
- an dearbhú reachtúil a dhéanamh atá riachtanach i gcás cuideachta theoranta phoiblí sular féidir léi gnó a sheoladh.

Beidh rúnaí cuideachta faoi dhualgas indíreach, mar oifigeach cuideachta oibleagáidí na cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh. Beidh mainneachtain déanta ag rúnaí cuideachta sa cás go n-údaróidh sé/sí nó go gceadóidh sé/sí mainneachtain de shárú ar a d(h)ualgas mar rúnaí. Sa chás go bhfreagróidh rúnaí ceist nó go ndéanfaidh sé/sí ráiteas nó go dtabharfaidh sé/sí doiciméad ar aird i gcomhlíonadh airbheartaithe fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí agus a fhios aige/aici to bhfuil an freagra, an ráiteas nó an doiciméad bréagach nó sa chás go mbeidh sé/sí meargánta i bhfeidhmiú a d(h)ualgais beidh sé/sí ag sárú Achtanna na gCuideachtaí.

2.4.2 Dualgas maidir le Nochtadh

Beidh an rúnaí faoi oibleagáid faisnéis áirithe a nochtadh lena chur isteach i gClár na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe agus i gClár Leasanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe. Seo a leanas an fhaisnéis nach mór a nochtadh:

- ainm;
- seoladh;
- seoladh na hoifige cláraithe (más rud é go bhfuil an rúnaí féin ina cuideachta);
- leasanna atá coinnithe i scaireanna agus i mbintiúir na cuideachta, i.e. uimhir agus méid, agus;
- sonraí aon scaireanna nó aon bhintiúr sa chuideachta, ina cuideachta shealbhaíochta, ina fhochuideachta nó in aon fhochuideachta dá cuideachta shealbhaíochta a ceannaíodh nó a díoladh.

2.4.3 Dualgas Aire Ceart, Scil agus Dícheall Cuí a Fheidhmiú

Beidh dualgas ar rúnaí aire ceart, scil agus dícheall cuí a fheidhmiú le linn dó/di a f(h)eidhmeanna a fheidhmiú. Féadfaidh an rúnaí bheith faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas a eascraíonn as a f(h)aillí. Ní gá áfach go léireodh rúnaí i bhfeidhmiú a f(h)eidhmeanna níos mó scile ná mar a bheifí ag súil leis le réasún ó dhuine i seilbh an leibhéil eolais nó taithí atá aige/aici.

2.4.4 Dualgais Riaracháin

De bhreis ar na dualgais a fhorchuirtear go sonrach le reacht, beidh roinnt dualgas tábhachtach riaracháin ar rúnaí cuideachta; beidh siadsan éagsúil ag brath ar chineál agus ar mhéid na cuideachta. Orthu sin féadfar a áireamh mar shampla:

- Míontuairiscí na cuideachta maidir le bord na cuideachta, maidir le fochoistí boird (más infheidhme) agus maidir le cruinnithe ginearálta a choinneáil thar ceann na stiúrthóirí;

- Cláir na cuideachta a choinneáil⁴ agus a chur ar fáil lena n-íniúchadh thar ceann na stiúrthóirí; orthu sin beidh, *inter alia*:
 - clár na gcomhaltaí;
 - clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
 - clár leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
 - clár na sealbhóirí bintiúir.
- a chinntiú go gclárófar doiciméid, a leithéidí tuairisceán bliantúil agus tuairisceáin eile na cuideachta le Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos (féach rannán 2.5);
- cumarsáid a chothú le comhaltaí na cuideachta, m.sh. cruinnithe na cuideachta agus sonraí maidir le breithniú atá le déanamh i gcruinnithe ar rúin atá á dtairiscint a fhógairt do na comhaltaí, cóipeanna de ráitis airgeadais bhliantúla a chur i gcúrsaíocht chucu etc.;
- cóipeanna a sholáthar de rúin speisialta agus de rúin áirithe eile a rith an chuideachta (féach rannán 2.5);
- fógraí reachtúla a fhoilsiú, m.sh. i nuachtáin náisiúnta de réir mar is gá;
- aistriú scaireanna a riar;
- tacaíocht dhlíthiúil agus riaracháin a thabhairt do stiúrthóirí;
- a chinntiú go bhfógraítear cinntí an bhoird go cuí;
- coimeád shéala na cuideachta. Ní mór de ghnáth go mbeidh séala na cuideachta, ar a bhfuil ainm na cuideachta, ar dhoiciméid a fhorghníomhaíonn an chuideachta;

- a chinntiú go mbeidh oibleagáidí na cuideachta maidir lena hainm comhlíonta. Éilítear ar gach cuideachta a hainm a phéinteáil nó a ghreamú in ionad feiceálach agus i litreacha soléite ar an taobh amuigh de gach áit ina seolann sí gnó;
- a chinntiú go bhfuil na sonraí cuí ar cheann litreach na cuideachta. Éilítear go mbeidh ainmneacha na stiúrthóirí agus sa chás nach Éireannaigh iad, a náisiúntacht ar cheann litreach gach cuideachta.

Ag brath ar chineál agus ar mhéid na cuideachta féadfaidh sé go dtabharfaidh stiúrthóirí an chumhacht/t-údarás don Rúnaí Cuideachta chun, mar shampla:

- mionnscríbhinní (doiciméid dlíthiúla) a mhionnú;
- seiceanna a shíniú;
- maoirsiú a dhéanamh ar phost isteach agus ar phost amach;
- cuntais a ullmhú;
- leabhair agus taifid na cuideachta a choinneáil;
- agallamh a chur ar cuardaitheoirí poist agus a gceapachán a fhaomhadh.

2.5 Tuilleadh faisnéise

Tá bileog faisnéise (Bileog Uimh. 16) dar teideal *An Rúnaí Cuideachta* ‘The Company Secretary’ foilsithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Tá breis sonraí sa bhileog sin atá ar fáil ón gCláraitheoir agus ag www.cro.ie, ar dhualgais an rúnaí cuideachta, ar a n-áirítear, *inter alia*:

- Liosta cuimsitheach de na tuairisceáin agus de na doiciméid a n-éilítear a gclárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí agus na himthosca faoina n-éilítear go gclárófar iad;

⁴ Tá liosta iomlán de na cláir agus d’fhaisnéis eile nach mór a choinneáil leagtha amach i Leabhrán Faisnéise 1, maille le sonraí na bpearsan atá i dteideal iad a iniúchadh.

- sonraí na dteorainneacha ama a bhaineann le comhdú gach ceann de na dtuairisceán agus de an doiciméid thuasluaite;
- liosta de na hearráidí is minice a fhaightear sna tuairisceáin a chuirtear isteach chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, agus;
- liosta de na rúin de bhreis ar rúin speisialta nach mór a chomhdú leis an gCláraitheoir.

2.6 Cumhachtaí Rúnaí Cuideachta

Beidh údarás ag Rúnaí Cuideachta conarthaí a dhéanamh laistigh dá réimse inniúlachta, i.e. riarachán na cuideachta ó lá go lá. Ina theannta sin féadfaidh rúnaí cuideachta, faoin bprionsabal *dealramh an údaráis* ‘ostensible authority’ an chuideachta a cheangal sa chás go bhfuil an ghníomhaíocht laistigh de ghnáthúdarás an rúnaí fiú mura raibh d’údarás ag an rúnaithe gníomhú iarbhír. Taobh amuigh de na gnáthréimse údaráis a bhaineann le Rúnaí Cuideachta ní bheidh údarás ag an Rúnaí Cuideachta conarthaí a dhéanamh mura bhfaigheann sé/sí údarás sonrach ó na stiúrthóirí lena ndéanamh.

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtraiiltear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré.

Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uasphionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chialloiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh chuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chúí chuntas a choinneáil, nó;
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht⁵ dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gcliseann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

5 Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlanadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscóileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é. Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláráitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistreofar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta⁶.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

⁶ Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbheithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis

agus ar Sheirbhísí Stáit

Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow


Páirc na Mílaoise

An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: www.iaasa.ie



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*